Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 12 Nollaig 2022**
**(OR. en)**

**15682/22**

**COPS 588**
**CIVCOM 250**
**POLMIL 301**
**CFSP/PESC 1665**
**CSDP/PSDC 857**
**RELEX 1671**
**JAI 1630**

**TORADH NA nIMEACHTAÍ**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | na toscaireachtaí |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 15474/22 COPS 573 CIVCOM 246 POLMIL 292 CFSP/PESC 1629 CSDP/PSDC 840 RELEX 1628 JAI 1595 |
| Ábhar: | Conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhshocrú sibhialtach CBSC |

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san iarscríbhinn a ghabhann leis seo, na conclúidí ón gComhairle maidir leis an gcomhshocrú sibhialtach CBSC mar a ghlac an Chomhairle iad ag an gcruinniú a bhí aici an 12 Nollaig 2022.

## CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LE COMHSHOCRÚ SIBHIALTACH CBSC

1. I bhfianaise an athraithe atá ag teacht ar an tírdhreach geopholaitiúil, lena n-áirítear teacht chun cinn nó géarú coinbhleachtaí le hais an Aontais Eorpaigh agus cogadh na Rúise gan chúis gan údar ar an Úcráin, an méadú atá tagtha ar ghníomhaíochtaí athbhreithnitheacha agus marthanacht na héagobhsaíochta agus bagairtí trasnáisiúnta, leagann an Chomhairle béim ar rannchuidiú suntasach an Chomhbheartais Slándála agus Cosanta (CBSC) sibhialtach leis an tsíocháin agus leis an gcobhsaíocht idirnáisiúnta. Gabhann sí buíochas leis na mná agus na fir atá ag fónamh i misin shibhialtacha CBSC. Meabhraítear don Chomhairle gur glacadh an Compás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint i mí an Mhárta 2022 agus athdhearbhaíonn sí go bhfuil sí tiomanta go hiomlán do CBSC sibhialtach a neartú trí chomhshocrú sibhialtach CBSC nua atá le glacadh faoi lár-2023.

2. Ceithre bliana ó shin, glacadh Chomhshocrú Sibhialtach CBSC agus ba mhórathrú é. Molann an Chomhairle na torthaí dearfacha a baineadh amach ó glacadh é, lena n-áirítear an dul chun cinn a rinne na Ballstáit, ar an leibhéal náisiúnta, agus SEGS agus seirbhísí de chuid an Choimisiúin, chomh maith leis an obair thábhachtach a rinne misin shibhialtacha uile CBSC. Athdhearbhaíonn sí a thábhachtaí atá sé cur chun feidhme an Chomhshocraithe a áirithiú faoi thús shamhradh 2023.

3. Ag tógáil ar bheagnach fiche bliain de thaithí, de thorthaí dearfacha agus de cheachtanna a foghlaimíodh faoi Chomhshocrú Sibhialtach CBSC, lena n-áirítear gníomhaíochtaí sibhialtacha CBSC a oiriúnú go pras san Úcráin, iarrann an Chomhairle go gcuirfí dlús nua faoi CBSC sibhialtach. Iarrann sí go bhfeabhsófaí éifeachtacht mhisin shibhialtacha CBSC, lena gcuirfí ar a gcumas dul i ngleic ar bhealach níos éifeachtúla le dúshláin slándála atá ann faoi láthair, atá ag teacht chun cinn agus a bheidh ann amach anseo faoi chuimsiú Chur Chuige Comhtháite an Aontais i ndáil le Coinbhleachtaí agus Géarchéimeanna seachtracha. Meabhraítear don Chomhairle gur gá don Aontas Eorpach níos mó freagrachta a ghlacadh as a shlándáil féin trí ghníomhú ina chomharsanacht agus níos faide i gcéin.

4. Meabhraítear don Chomhairle tosaíochtaí Feira maidir leis an bpóilíneacht, an smacht reachta agus an riarachán sibhialta a neartú i suímh leochaileacha agus i suímh coinbhleachta, lena gcuirtear i dtreis freisin an tábhacht a bhaineann le hAthchóiriú na hEarnála Slándála (SSR) agus le cúraimí faireacháin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle gur cheart don Aontas Eorpach leanúint de bheith in ann tabhairt faoi chineálacha éagsúla misean sibhialtach CBSC laistigh de speictream iomlán na gcúraimí bainistithe géarchéime mar a leagtar síos in Airteagail 42 agus 43 CAE, lena n-áirítear faireachán, fothú acmhainní agus comhairle a thabhairt chomh maith le cineálacha feidhmiúcháin misean. Chun go mbeidh an tsolúbthacht ann i gcónaí chun gníomhú, iarrann sí go mbeadh cur chuige modúlach agus inscálaithe ann chun méid mhisin shibhialtach CBSC a shainiú. Cuireann sí i bhfios go láidir go gcinnfear méid agus líon na misean bunaithe ar na riachtanais a bheidh ag teacht chun cinn ar an láthair chomh maith le tosaíochtaí agus cumais an Aontais Eorpaigh agus na mBallstát. Athdhearbhaíonn an Chomhairle agus na Ballstáit go bhfuil rún daingean acu rannchuidiú níos mó a chur ar fáil chun acmhainní éifeachtúla a áirithiú do mhisin shibhialtach CBSC.

5. Iarrann an Chomhairle go mbeadh comhshocrú sibhialtach CBSC nua ann darb aidhm fhoriomlán an méid seo a leanas a dhéanamh:
   a. Cur lenár gcumas chun GNÍOMHÚ go tapa agus go láidir chun tacú le comhghleacaithe sna háiteanna ina bhfuil na misin:
      – Trí éifeachtacht agus solúbthacht a fheabhsú, lena n-áirítear trí shainorduithe soiléire agus inoiriúnaithe, stáit deiridh agus straitéisí aistrithe dea-shainithe a sholáthar, chomh maith le cumais Bainistithe Eolais a fhorbairt;
      – Trí iarracht a dhéanamh próisis mheara chinnteoireachta a bhaint amach darb aidhm freagrúlacht CBSC sibhialtach a mhéadú tuilleadh agus trí fhéachaint ar fhéidearthachtaí eile chun tacaíocht níos spriocdhírithe a chur ar fáil do thíortha óstacha;
      – Trí mheastóireacht neamhspleách a bhunú ar thionchar agus ar fheidhmíocht na misean, a chuirtear san áireamh agus na hathbhreithnithe straitéiseacha ar mhisin á ndéanamh, ar bhonn Páipéar Roghanna atá le tíolacadh ag SEGS faoi thús 2023;
      – Trí chur chuige modúlach inscálaithe a fhorbairt agus a chur chun feidhme tuilleadh, ag tógáil ar na huirlisí atá ar fáil, lena n-áirítear imscaradh seicheamhach nó leabaithe saincheaptha, agus uirlisí mearfhreagartha amhail Foirne Speisialaithe agus Saineolaithe Cuairte. Trí fhoirmíochtaí ilnáisiúnta ar nós an Fhórsa *Gendarmerie* Eorpach nó grúpa Ballstát ag gníomhú dóibh faoi chuimsiú Airteagal 44 CAE a úsáid mar is iomchuí agus i gcomhréir le cinnteoireacht CBSC;

- Trí chearta an duine a phríomhshruthú go córasach agus trí dhícheall cuí a fheidhmiú maidir le cearta an duine i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine, agus tríd an gClár Oibre um Leanaí agus Coinbhleacht Armtha a chur chun cinn;
- Trí chomhionannas inscne a chur chun cinn agus gné inscne a phríomhshruthú go córasach, bunaithe ar anailís inscne, i ngach pleanáil agus gníomhaíocht a dhéantar, agus díriú ar rannpháirtíocht iomlán, chomhionann agus fhóinteach na mban i ngach feidhm, lena n-áirítear poist cheannaireachta, agus Rún 1325 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe maidir le Mná, an tSíocháin agus an tSlándáil agus a rúin ina dhiaidh sin á gcur chun cinn ag an am céanna;
- Tríd an gCur Chuige Comhtháite a oibríochtú tuilleadh, lena n-áirítear trí naisc a neartú le seirbhísí agus cláir an Choimisiúin agus le Toscaireachtaí an Aontais, le linn na gcéimeanna pleanála, cur chun feidhme agus aistrithe;
- Trí aird níos mó a thabhairt ar íogaireacht choinbhleachta trí anailís athfhillteach coinbhleachta, feasacht staide agus luathrabhadh, agus úsáid a bhaint as uirlisí idirghabhála agus idirphlé chun coinbhleachtaí a chosc, i gcomhréir le Coincheap Idirghabhála Síochána an Aontais;
- Tríd an nasc idir an tslándáil inmheánach agus an tslándáil sheachtrach a neartú trí chomhar méadaithe idir gníomhaithe sibhialtach CBSC agus Ceartais agus Gnóthaí Baile (CGB) ar leibhéal na mBallstát agus ar leibhéal an Aontais, i gcomhréir go hiomlán le hinniúlachtaí, breithnithe buiséadacha agus bunúis dlí gach ionstraime, inter alia trí mhionchoincheapa a oibríochtú, saineolas ábhartha a mhéadú agus cruinnithe tiomnaithe de chomhlachtaí ullmhúcháin ábhartha de chuid na Comhairle a thionól;
- Trí shineirgí agus chomhlántacht idir gnéithe sibhialtacha agus míleata CBSC a chothú, lena n-áirítear i réimsí beartais, forbartha cumais, oiliúint agus i bpleanáil oibríochtúil agus stiúradh misean a imscartar ar an láthair céanna, lena n-áirítear tacaíocht lóistíochta, leighis agus eile;
- Tríd an gCumas Sibhialtach Pleanála agus Seolta a neartú mar cheanncheathrú do mhisin shibhialtach CBSC, lena n-áirítear trí leanúint dá athchóiriú.

b. Tíortha óstacha agus misin shibhialtach CBSC A DHAINGNIÚ i gcoinne bagairtí an-athraitheach chun freagairt do choinbhleachtaí agus géarchéimeanna seachtracha, chun acmhainneachtaí na gcomhpháirtithe a fhothú, agus chun an tAontas Eorpach agus a shaoránaigh a chosaint:

– Trí rannchuidiú le freagairt níos leithne an Aontais chun an ceann is fearr a fháil ar dhúshláin slándála, lena n-áirítear iad siúd a bhaineann leis an imirce neamhrialta, an sceimhlitheoireacht agus an radacú, an choireacht eagraithe, bainistiú teorainneacha agus an tslándáil mhuirí, mar aon leis an antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac, agus a riachtanaí atá sé go gcuirfí san áireamh gur gá an oidhreacht chultúrtha a chosaint;
– Trí athléimneacht a neartú i gcoinne bagairtí hibrideacha, cibirionsaithe agus ionramháil agus cur isteach eachtrach ar fhaisnéis, lena n-áirítear trí chumarsáid shlán;
– Tríd an smacht reachta agus an chuntasacht a chur chun cinn, lena n-áirítear tríd an slabhra ceartais agus na cumais chun freagairt go héifeachtach do dhúshláin slándála a neartú;
– Tríd an athrú aeráide agus díghrádú an chomhshaoil a phríomhshruthú, os rud é go mbaineann sé le dúshláin slándála, agus bearta nithiúla á ndéanamh ag an am céanna chun lorg na misean a laghdú agus é mar aidhm aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 i gcomhréir leis na spriocanna a leagtar amach faoin gComhaontú Glas don Eoraip.

c. INFHEISTÍOCHT A DHÉANAMH i gcumais níos mó agus níos fearr:

– Athdhearbhaíonn an Chomhairle agus na Ballstáit go bhfuil siad tiomanta do ranníocaíochtaí méadaithe a chur ar fáil trí nósanna imeachta náisiúnta a neartú amhail cinnteoireacht, maoiniú agus reachtaíocht, de réir mar is iomchuí, trí úsáid a bhaint as Pleananna Náisiúnta Cur Chun Feidhme (NIP) agus as braislí neamhfhoirmiúla NIP, agus tacaíocht á fáil ón Ionad Barr Feabhais Eorpach um Bainistiú Géarchéime Sibhialtach, i gcás inarb ábhartha;
– Trí líon na saineolaithe ar iasacht sna misin a mhéadú go comhpháirteach, darb aidhm a sciar iomlán a ardú go 70 faoin gcéad ar a laghad den fhoireann idirnáisiúnta, agus béim ar leith á leagan ar líon na mball foirne ar iasacht i bpoist oibríochtúla a mhéadú, agus béim á leagan ar an bhfreagracht atá ar na Ballstáit uile an sprioc sin a bhaint amach, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar a gcumas;
– Trína iarraidh ar SEGS próiseas struchtúrtha rialta forbartha cumais shibhialta a fhorbairt, in éineacht le seirbhísí an Choimisiúin agus leis na Ballstáit, faoi 2024;

- Trí Bhainistiú Acmhainní Daonna CBSC sibhialtach a fheabhsú, lena n-áirítear trí (a) an beartas agus na nósanna imeachta roghnúcháin agus earcaíochta a fhorbairt tuilleadh, lena n-áirítear trí phróifílí níos ilúsáidí a chur chun cinn, (b) rannpháirtíocht na mban i CBSC sibhialtach a mhéadú go suntasach, i gcomhréir le gealltanais an Chompáis Straitéisigh, (c) infhaighteacht agus rannpháirtíocht saineolaithe náisiúnta i misin shibhialtacha CBSC a fheabhsú, e.g. trína rannpháirtíocht i gconairí gairme a chomhtháthú níos fearr agus trí fhéachaint ar dheiseanna saineolaithe ar leibhéal iontrála a thabhairt ar iasacht do mhisin, (d) obair a dhéanamh ar athbhreithniú ar stádas fostaíochta na mball foirne conarthach idirnáisiúnta;
- Trí straitéis chuimsitheach a fhorbairt chun timpeallacht oibre shábháilte chuimsitheach a áirithiú agus trí na hathbhreithnithe is gá a dhéanamh ar bheartais agus ar nósanna imeachta, lena n-áirítear tríd an gCód Iompair a athbhreithniú agus a chur i bhfeidhm ina iomláine;
- Trí fhreagrúlacht a fheabhsú chun go mbeifear in ann 200 saineolaí a imscaradh laistigh de 30 lá, lena n-áirítear iad a imscaradh chuig timpeallachtaí casta;
- Trína áirithiú go mbeidh buiséad CBES níos láidre agus níos réadúla ann agus é ag teacht le riachtanais mhisin shibhialtacha nua agus leanúnacha CBSC agus go mbainfear úsáid mhear, sholúbtha agus chostéifeachtúil as chun tacú leo, bainistiú fónta airgeadais a áirithiú agus tosaíocht a thabhairt go cúramach i leith na n-acmhainní atá ann cheana;
- Trí oiliúint a chur ar shaineolaithe náisiúnta agus ar phearsanra misean i gcomhréir le Beartas Oiliúna CBSC agus le Clár Oiliúna CBSC agus trí mheasúnú a dhéanamh ar ailtireacht oiliúna reatha CBSC, faoi threoir Ghrúpa Oiliúna Sibhialtach an Aontais, ag tógáil ar ról an Choláiste Eorpaigh um Shlándáil agus um Chosaint (ESDC), chun an nasc idir oiliúint agus imscaradh a fheabhsú, mar aon le hoiliúint chaighdeánaithe agus malartú ceachtanna agus dea-chleachtas, agus sineirgí á gcruthú ag an am céanna le tionscadail ábhartha arna gcistiú ag an gCoimisiún;
- Trí chur chuige níos córasaí a leanúint i leith na nuálaíochta teicneolaíche do CBSC Sibhialtach.

d. COMHPHÁIRTÍOCHT a dhéanamh le tíortha óstacha chomh maith le Tríú Stáit agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta:

- Trí bhéim a leagan ar a thábhachtaí atá úinéireacht áitiúil le linn chur chun feidhme shainorduithe na misean agus nádúr éileamh-bhunaithe CBSC sibhialtach, chun torthaí éifeachtacha agus inbhuanaithe a áirithiú agus chun cur le hathléimneacht, cobhsaíocht agus slándáil na dtíortha óstacha;
- Trí shineirgí a lorg agus trí chomhar leis an tsochaí shibhialta a fheabhsú ar gach leibhéal;
- Trí fheabhas a chur ar chomhpháirtíochtaí le Tríú Stáit a bhfuil méin mhaith acu dúinn agus a bhfuil na luachanna agus na cuspóirí céanna acu agus atá ag an Aontas agus eagraíochtaí idirnáisiúnta agus réigiúnacha, go háirithe na Náisiúin Aontaithe, ag tógáil ar thosaíochtaí AE-NA maidir le bainistiú géarchéime, ECAT agus ESCE, agus lánurraim á tabhairt do chreat institiúideach agus do nósanna imeachta comhaontaithe an Aontais.

6. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá cumarsáid straitéiseach shaincheaptha do gheallsealbhóirí áitiúla, do chontrapháirtithe náisiúnta agus don phobal i gcoitinne chun infheictheacht CBSC sibhialtach a fheabhsú, béim a leagan ar an tairbhe a ghabhann leis, agus an tacaíocht phoiblí do CBSC sibhialtach a mhéadú, agus chun cur i gcoinne an chur isteach agus na hionramhála eachtraí ar fheachtais faisnéise i gcoinne leasanna an Aontais. Chun na gcríoch sin, agus chun úinéireacht pholaitiúil a áirithiú, leagann an Chomhairle béim ar an ngá atá le plé rialta a dhéanamh ar CBSC sibhialtach ar leibhéal na n-airí, lena n-áirítear ag an gComhairle Gnóthaí Eachtracha.

7. Tá an Chomhairle ag súil le comhshocrú sibhialtach CBSC nua a ghlacadh faoi mhí na Bealtaine 2023. Ba cheart gealltanais agus amlínte nithiúla ó na Ballstáit, ó SEGS agus ó sheirbhísí an Choimisiúin a chuimsiú ann. Iarrann an Chomhairle ar an Ardionadaí, i ndlúthchomhar leis na Ballstáit agus i gcomhar leis an gCoimisiún, an obair sin a thabhairt ar aghaidh laistigh de na creataí ábhartha.